Rannán Párolla,
An Roinn Oideachais agus Scileanna,
Cor na Madadh,
Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí.

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Payroll Division,
Department of Education and Skills,
Cornamaddy,
Athlone,
Co. Westmeath.
090 64 83600

Imlitir 19/2012 Pá

**To: Chuig Údaráis Bhainistíochta Bhunscoileanna, Mheánscoileanna, Phobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha agus chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin i ngach Coiste Gairmoideachais**

# Re: Rátaí Pá Athbhreithnithe i ndáil le Maoirseoireacht/Ionadú le linn scoilbhliain 2011/2012.

1. Táim faoi threoir ag an Aire Oideachais agus Scileanna a chur in iúl go bhfuil faomhadh tugtha do:

   (a) Íocaíocht i ndáil le dualgais maoirseachta/ionadaíochta a chomhlíonann múinteoirí.
   (b) Íocaíocht do phearsanra a fhostaíonn Boird Bainistíochta ina maoirseoirí agus sin amháin.

2. €47.82 an ráta san uair atá iníoctha le múinteoirí, a ceapadh don chéad uair roimh 1/1/11, do mhaoirsiú le linn scoilbhliain 2011/2012. €43.04 an ráta san uair atá iníoctha le múinteoirí a ceapadh don chéad uair i ndiaidh 1/1/11.

3 Le linn scoilbhliain 2011/2012 €1,769.00 an ráta bliantúil atá iníoctha le múinteoirí a ceapadh don chéad uair roimh 1/1/11 i ndáil le 37 uair maoirseachta. Le linn scoilbhliain 2011/2012 €1,592.00 an rátá bliantúil atá iníoctha le múinteoirí a ceapadh don chéad uair i ndiaidh 1/1/11 i ndáil le 37 uair maoirseachta.

4 €21.31 an ráta san uair atá iníoctha le pearsanra atá fostaithe chun críche maoirseachta agus sin amháin le linn scoilbhliain 2011/12. €19.18 an ráta san uair atá iníoctha le pearsanra atá fostaithe chun críche maoirseachta agus sin amháin le linn scoilbhliain 2011/12 maidir le pearsanra a ceapadh i ndiaidh 1/1/11.

5 De réir théarmaí Chiorclán 003/2012, ag brath ar thorthaí athbhreithniú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, níl liúntais lena n-áirítear íocaíocht S&S iníoctha le tairbhithe nua i.e. an té a bhí incháilithe leis an liúntas atá i gceist a fháil an 1 Feabhra 2012 nó ina dhiaidh.

6 **Do Bhunscoileanna agus sin amháin**
Eisíodh íocaíocht deontais i Márta 2012 ar Bhoird Bainistíochta scoileanna 1, 2 agus 3 oide agus ar scoileanna inar roghnaigh múinteoir gan tabhairt faoi dhualgais maoirseachta. Ar mhaithe le híocaíocht le maoirseoirí le linn scoilbhliain 2011/12 a éascú a rinneadh sin.

7 **Do Iar-Bhunscoileanna agus sin amháin**
Íocadh íocaíocht roimh ré i ndáil le tabhairt faoi dhualgais maoirseachta/ionadaíochta le linn scoilbhliain 2011/2012 le múinteoirí incháilithe i Márta 2012. Is iad na rátaí atá iníochta ná

(a) Múinteoirí Lán-aimseartha - €620.00 (faoi réir asbhaintí reachtúla)
(b) Múinteoirí a bhíonn ag roinnt poist agus múinteoirí Páirtaimseartha rialta - ar bhonn pro-rata.

8 Ba chóir cóip den chiorclán seo a chur ar fáil do chomhaltaí Bhoird Bainistíochta, muinteoirí agus maoirseoirí.

Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie faoin teideal Ciorcláin.

P. Maloney,
Príomhoifigeach,
Bealtaine, 2012.